

Leasú 474
Grace O'Sullivan
 thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
 Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
 (COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Iarscríbhinn II – Tábla 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tábla 2a: Paraiméadair tháscacha a bheidh le cur san áireamh agus critéir deartha maidir le hathchúrsáil á mbunú faoi Airteagal 6

Na critéir ‘dearadh le haghaidh athchúrsála’	Tuairisc
Breiseáin	<p><i>Is féidir na hábhair phacáistithe a shórtáil go mícheart mar thoradh ar bhreiseáin a bheith i láthair sna coimeádáin phacáistithe le linn an phróisis sórtála agus na hamhábhair thánaisteacha a eascraíonn astu a éilliú.</i></p> <p><i>Tá dlús difriúil ag cineálacha éagsúla plaisteach, a úsáidtear chun ábhair a scaradh sa teicneolaíocht sórtála. Má athraítear an dlús sonrach sin de chineál plaisteach go saorga trí ábhair mhodhnaithe dlúis (i.e. breiseáin) a chur leis, ní féidir an próiseas sórtála a úsáid a thuilleadh. Is ionann teorainn chinntitheach agus an dlús os cionn 1 g/cm³ nó faoina bhun.</i></p>
Lipéid/clúdaigh	<p><i>Is féidir le clúdaigh iomlána nó sclúdaigh i bpacáiste a bheith ina chúis le sórtáil mícheart le linn an phróisis sórtála agus is féidir leo cáilíocht na n-amhábhair tánaisteach a dhíghrádú.</i></p> <p><i>I gcás buidéal, mura bhfuil ábhar an chlúdaigh comhionann le hábhar an bhuidéil agus/nó má phriontáiltear an clúdach ar fad, ní féidir dath an bhuidéil (e.g. trédhearcach) a shannadh agus a shórtáil i gceart.</i></p>

<p>Córais um dhúnadh agus páirteanna beaga</p>	<p><i>Is féidir le dúnadh nach bhfuil ceangailte go daingean leis an bpacáistíocht cur leis an mbruscar agus éifeachtúlacht na bpróiseas sórtála agus na bpróiseas athchúrsála ina dhiaidh sin a laghdú freisin. Is féidir páirteanna beaga a cheangal go meicniúil chun chun gur féidir iad a bhaint go héasca sa phróiseas sórtála.</i></p> <p><i>Ba cheart dúnadh plaisteach a dhearadh sa chaoi gur féidir iad a dheighilt sula ndéantar iad a dhiúscairt nó le linn an phróisis sórtála. I mbuidéil PET, má úsáidtear scragall séalaithe, caithfidh siad a bheith éasca a bhaint gan aon iarmhar a fhágáil</i></p> <p><i>I gcás ina ndúntar buidéil PET, beidh dlús níos lú ná 1 g/cm³ iontu go hidéalach ionas gur féidir iad a scaradh le linn an phróisis sórtála nó athchúrsála.</i></p> <p><i>Ó 2024 ar aghaidh, ní mór greamaitheacht an iaimh (de réir Airteagal 6 de Threoir 2019/904) a ráthú ar feadh thréimhse na húsáide atá beartaithe le haghaidh coimeádáin dí suas le 3 lítear.</i></p>
<p>Greamacháin</p>	<p><i>Ba cheart comhpháirteanna greamaitheacha a dhearadh sa chaoi gur féidir iad a dheighilt go héasca sa phróiseas athchúrsála nó go bhféadfadh an t-úsáideoir deiridh iad a dheighilt (NÓ nach ndéanann dífeor d'éifeachtúlacht na bpróiseas sórtála agus athchúrsála). Is féidir le hiarmhair ghreamaitheacha a bheith ar an bpacáistíocht cáilíocht (ionacht) na n-amhábhhar tánaisteach a íosghrádú.</i></p> <p><i>Is féidir le hábhair ghreamaitheacha ina bhfuil miotal nó alúmanam (le tiús ciseal > 5 µm) a bheith mar thoradh ar shórtáil nach dteastaíonn isteach sa chodán miotail.</i></p> <p><i>Ba chóir go mbeadh greamacháin uisce in-nite chun scaradh ón bpríomhphacáistiú a úirithiú agus nach bhfanfadh aon iarmhar greamaitheach.</i></p>
<p>Dathanna</p>	<p><i>Is féidir le hábhair atá daite go mór i bpáipéar nó i bpláistigh a bheith ina gcúis le fadhbanna maidir le sórtáil agus is féidir leo cáilíocht na n-amhábhhar thánaistigh a íosghrádú.</i></p> <p><i>Mar shampla, is féidir le ruaimeanna carbóin dhubh-bhunaithe, i gcomhthéacs braite sórtála infridhearg le linn próiseas sórtála na bpláisteach, an t-ábhar a aicmiú go mícheart, nó an t-ábhar a dhíchur sa phróiseas sórtála. Mar sin féin, tá ruaimeanna dubha agus dorcha ar fáil cheana féin ar féidir iad a bhrath le infridhearg agus nach bhfuil bunaithe ar charbón-dubh.</i></p>
<p>Comhdhéanamh Ábhar</p>	<p><i>Is fearr úsáid a bhaint as aon-ábhair nó as teaglamaí ábhair a cheadaíonn scaradh éasca agus a chinntíonn go bhfuil toradh ard amhábhhar tánaisteach ann.</i></p>

<i>Bacainní/cótáil</i>	<p><i>D'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra athchúrsáil a dhéanamh mar gheall ar bhacainní/cótáil laistigh den phacáistíocht a bheith ann. Mar sin féin, má tá riachtanais bhac ann, is féidir ábhair ar nós ocsaíd sileacain nó ocsaíd alúmanaim a úsáid suas go dtí céatadán áirithe.</i></p> <p><i>Maidir le pacáistiú páipéir/cartán, ba cheart bratú a sheachaint i bprionsabal. Mar sin féin, is féidir bratuithe plaisteacha aontaobhacha nó lannán plaisteach a úsáid chun a áirithiú go mbeidh ábhar snáithíneach níos airde ná 95 % sa chás is fearr.</i></p>
<i>Dúigh/priontáil</i>	<p><i>Cuireann úsáid dúigh le substaintí ar údar inní iad bac ar athchúrsáil, ós rud é nach féidir na haonaid phacáistithe sin a athchúrsáil. Is féidir le dúigh phriontála an sruth athchúrsála a thruailliú tríd an uisce níocháin nuair a scaoiltear iad. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le dúigh phriontála nach scaoiltear dochar a dhéanamh do thrédhearcacht an tsrutha athchúrsála.</i></p>
<i>Iarmhair táirgí/éascaíocht an fholmhaithe</i>	<p><i>Le dearadh na pacáistíochta, ba cheart go mbeifí in ann a inneachar a fholmhú go héasca agus nuair a dhiúsraítear é, ba cheart é a bheith i riocht lándhraenáilte.</i></p> <p><i>Go deimhin, d'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith ag iarmhair sa phacáistíocht ar chodáin athchúrsála.</i></p>
<i>Éascaíocht na díchóimeála (gné dhearaidh na pacáistíochta)</i>	<p><i>Is féidir le cineálacha cur chuige dearaidh éascaíocht a dhéanamh ar dhíchóimeáil táirgí pacáistithe ina gcodanna éagsúla, e.g. i gcodanna atá saibhir in ábhair luachmhara agus/nó substaintí guaiseacha. Cuidíonn sé sin leis an spriocábhar a bhaint as an bpacáistíocht agus, ar an gcaoi sin, acmhainneacht in-athchúrsáilteachta na pacáistíochta a mhéadú.</i></p>

Or. en

Réasúin

Cé go leagtar amach in ENVI AM 321 liosta critéar ar cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh orthu agus an Gníomh Tarmligthe maidir le Dearadh le haghaidh Athchúrsála á tharraingt suas aige, is úsáideach freisin tuairisc ar na critéir sin a chur san áireamh. Bheadh sé sin ina stiúradh úsáideach don tionscal, rud a chuirfeadh ar chumas táirgeoirí pacáistíochta tús a chur cheana féin lena bpacáistiú a oiriúnú sula bhfoilseoidh an Coimisiún a Gníomh Tarmligthe.

16.11.2023

A9-0319/475

Leasú 475
Grace O'Sullivan
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Iarscríbhinn V – ró 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2.	Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh níos lú ná 1,5 kg de thorthaí agus glasraí úra, mura bhfuil gá léirithe ann chun cailteanas uisce nó cailteanas borrtachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint.	Eangacha, málaí, tráidírí, coimeádáin
----	---	--	---------------------------------------

Leasú

2.	Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra	Pacáistíocht aonúsáide le haghaidh níos lú ná 1.5 kg de thorthaí agus glasraí úra, ach amháin má léirítear gur gá cailteanas uisce, glasú, nó cailteanas turgóideachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiceacha a sheachaint, <i>nó mura bhfuil na táirgí sin faoi réir ATFC (Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint) agus TGFC (Tásca geografacha faoi hosaint) faoi reachtaíocht an Aontais.</i> <i>Bunóidh an Coimisiún liosta na dtáirgí lena mbaineann i gcomhairle leis na Ballstáit agus tar éis dó tuairim a fháil ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Bia faoin ... [sé mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Cuirfear san áireamh ann na rioscaí</i>	Eangacha, málaí, tráidírí, coimeádáin
----	---	--	---------------------------------------

		<i>a bhaineann le milleadh agus cur amú bia, nuair a dhíoltar na táirgí sin ar an mórchoír.</i>	
--	--	--	--

Or. en

Réasúnú

Cuireann tuarascáil ENVI teorainn leis an srian ar phacáistiú aon úsáide le haghaidh torthaí agus glasraí do phlaisteach aon úsáide agus do phacáistíocht ilchodach amháin, ach níl údar leis sin. Is beart tábhachtach é sin chun dramhail a chosc agus ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith aige maidir le gach ábhar, lena n-áirítear páipéar aon úsáide. Tá bonn cirt le roinnt díolúintí ón bhforáil sin, agus is é sin an fáth a gcoimeádann an leasú seo na díolúintí atá san áireamh in ENVI AM 329.

16.11.2023

A9-0319/476

Leasú 476
Grace O'Sullivan
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Iarscríbhinn V – ró 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3.	Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a óltar laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh agus lasmuigh d'áit ghnó, a chumhdaítear le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin a thairgeann oibreoirí eacnamaíocha éagsúla nó tríú páirtí i gcomhpháirt do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltais bia agus deochanna	Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí
----	--	---	--

Leasú

3.	Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a óltar laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh agus lasmuigh d'áit ghnó, a chumhdaítear le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin a thairgeann oibreoirí eacnamaíocha éagsúla nó tríú páirtí i gcomhpháirt do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltais bia agus deochanna, <i>ach amháin i gcás micreachuideachtaí ar féidir leo a léiriú gur gá pacáistíocht aon úsáide a úsáid toisc nach bhfuil siad in ann rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach chun córas athúsáide a oibriú i gceart.</i>	Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí
----	--	--	--

(Nasc leis an leasú a rinne an t-údar céanna ar Airteagal 22, mír 6.)

Or. en

Réasúnú

Le ENVI AM 330 ceadaítear díolúine d'aon chuideachta ón toirmeasc ar phacáistíocht aon úsáide a úsáid le haghaidh bia faoi dhíon más féidir leo a léiriú gur gá pacáistíocht aon úsáide a úsáid. Le díolúine fhadréimseach den sórt sin, bunaithe ar chritéir dhoiléire shuibiachtúla, bhainfí an bonn go hiomlán den oibleagáid pacáistíocht in-athúsáidte a úsáid. Ba cheart micreachuideachtaí - agus gan ach micreachuideachtaí - a dhiolmhú go deimhin, más rud é nach bhfuil sé indéanta go teicniúil dóibh pacáistíocht in-athúsáidte a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach lena hathúsáid.

16.11.2023

A9-0319/477

Leasú 477
Grace O'Sullivan
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Iarscríbhinn V – ró 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4.	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin san earnáil HORECA	Pacáistíocht aon úsáide san earnáil HORECA, ina bhfuil sciartha nó riar ar leith, a úsáidtear le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas an phacáistíocht sin a sholáthraítear le chéile le bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise	Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí
----	--	---	-----------------------------------

Leasú

4.	Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin san earnáil HORECA	Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina mbíonn míreanna nó dáileoga aonair, a úsáidtear le haghaidh tarsann, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas sna cásanna a leanas: (a) an phacáistíocht sin arna soláthar in éineacht le bia réamhullmhaithe beir leat atá beartaithe lena chaitheamh láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil; (b) in ionaid ina mbíonn freastal agus fónamh aonair ag teastáil, amhail ospidéal, clinici agus títhe altranais;	Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí
----	--	--	-----------------------------------

Or. en

Réasúinú

Ní dhéanann an leasú seo ach pointe (c) a scriosadh ó ENVI AM 331 toisc nár cheart margai feirmeoirí a mheas mar chuid d'earnáil HORECA.